# info@ncca

ag tacú le teagasc agus foghlaim



## Glac grianghraif!

**Ag comóradh 10 mbliana de Churaclam na Bunscoile**

Leathanach 8

## An Pholaitíocht agus an tSochaí

**Cuir do thuairim in iúl dúinn faoin ábhar nua Ardteistiméireachta seo**

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | AIBREÁN 2009 | Eagrán 12

**san eagrán seo** / eolas chun dáta / An Pholaitíocht agus an tSochaí san AT / Foghlaim fhéintreoraithe / Tionscadal FÓN / Leas daltaí / Glac grianghraif! / NFQ – Creat do chách / An Líonra Bunscoile / Buail leis na tuismitheoirí **agus neart eile...**

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# fáilte...

## ...chuig domhan nua cróga info@ncca ar líne.


**Cinnte, ní rud nua é más rud é go raibh an nós agat féachaint ar na heagráin roimhe seo ar láithreán gréasáin an CNCM, nó más rud é go raibh síntiús agat do na heagráin leictreonacha sin, ach is rud an-nua é más duine de na léitheoirí sin tú ar mian leis féachaint ar na leathanaigh agus cupán tae á ól agat.**

Gan amhras, féadfaidh tú na leathanaigh a phriontáil, ach san fhormáid nua cuirimid a lán nasc le hábhair bhreise ar fáil ar an scáileán agus mar sin molaimid duit triail a bhaint as an leagan leictreonach. An rud is tábhachtaí ná go n-iarraimid ort do dhearcadh faoin athrú a chur in iúl dúinn. Féadfaidh tú é sin a dhéanamh tríd an suirbhé ar líne a líonadh isteach. Tá nasc leis an suirbhé sin ar fáil ar leathanach a cúig. Féadfaidh tú ríomhphost a sheoladh chugainn freisin ag newsletter@ncca.ie. Cuirimid fáilte roimh litreacha agus roimh ghlaonna gutháin chomh maith, agus má bhuaileann tú le duine d'fhoireann an CNCM ag cruinniú nó ag seimineár, déan cinnte go gcuirfidh tú do thuairim faoin bhformáid nua in iúl. Mura dtaitníonn sé libh...beidh orainn athmhachnamh a dhéanamh. Ach tá an t-aiseolas de dhíth orainn, agus mar sin ar aghaidh leat ag cliceáil nó ag glaoch orainn.

Cinnte, is é an t-ábhar is tábhachtaí san eagrán seo ná deich mbliana Churaclam na Bunscoile a chomóradh. Is deacair a chreidiúint go bhfuil deich mbliana imithe thart ó cuireadh na boscaí liatha plaisteacha sin de leabhair chuig scoileanna. Trí ghrianghraif a bhailiú, ag léiriú samplaí den churaclam i ngníomh, tugtar deis iontach do scoileanna ar fud na hÉireann páirt a ghlacadh sa cheiliúradh ar aistear an churaclaim amach as an mbosca agus isteach i gcroíthe agus in intinní páistí. Mar sin, mura bhfuil sé déanta agat cheana féin...glac grianghraif!

Is í an mhír nuachta is mó ag an leibhéal iar-bhunscoile ná an t-ábhar nua a bheith curtha ar fáil. Is ábhar nua Ardteistiméireachta é *An Pholaitíocht agus an tSochaí* a chuirfidh leis an méid a dhéantar in Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) sa tsraith shóisearach, agus tá dréachtleagan de ar fáil le haghaidh comhairliúcháin anois. Rinne a lán múinteoirí cúrsaí sa pholaitíocht agus sa tsocheolaíocht mar fhochéimithe – cinnte, beidh an-spéis acu, agus ag múinteoirí OSSP, sa dréacht seo. Agus, i bhfianaise na ndíospóireachtaí agus na gconspóidí polaitiúla a tharla le deireanas, is dóchúil go mbeidh spéis ag an bpobal i gcoitinne san ábhar nua seo freisin. Féach ar an dréachtleagan de agus glac páirt sa chomhairliúchán chun do thuairim a chur in iúl.

Agus ansin...bain taitneamh as sos an tsamhraidh atá tuillte go maith agat. Beidh foireann ***info@ncca*** ar ais i mí Mheán Fómhair leis an dara leagan leictreonach, ina mbeidh bhur gcuid aiseolais ar an gcéad leagan leictreonach seo!



Anne Looney
Príomhfheidhmeannach
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta



# Clár an eagráin seo

| | |
|---|---|
| Eolas chun dáta | 4 |
| An 'dea-fhoghlaimeoir': Foghlaim fhéintreoraithe | 6 |
| Glac Grianghraif! | 8 |
| Creat do chách: An NFQ | 10 |
| Tionscadal FÓN | 12 |
| An Líonra Bunscoile | 14 |
| Buail leis na tuismitheoirí | 16 |
| Aistriú san eolaíocht | 17 |
| Ag fáil réidh leis an téacsleabhar | 18 |
| Leas daltaí | 20 |
| Treo nua! Creatchuraclam SEN | 22 |
| An Pholaitíocht agus an tSochaí: Ábhar nua san AT | 23 |

## ag tacú le teagasc agus foghlaim...

Foilsítear **info@ncca** trí huaire i rith na scoilbhliana, i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin.

Ní fhoilseofar eagrán mhí Mheán Fómhair ach i bhformáid leictreonach. Beidh sé ar fáil le híoslódáil ó **www.ncca.ie/news/newsletter** ón 25 Meán Fómhair. Chun cóip a fháil go huathoibríoch i do bhosca ríomhphoist, seol ríomhphost chuig **newsletter@ncca.ie** agus cuir an focal 'Subscribe' sa réimse ábhair, nó téigh chuig an láithreán gréasáin agus cliceáil ar an meirge **'Síntiús don Nuachtlitir'**.

Cuirimid fáilte roimh ailt ó mhúinteoirí mar aon le tuairimí agus ceisteanna faoi ábhar na nuachtlitreach.

Sonraí teagmhála:

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 661 7180**
Láithreán Gréasáin: **www.ncca.ie**

Seoladh Poist: **An tEagarthóir, info@ncca, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.**

# eolas chun dáta

Tuairiscí ar dhul chun cinn agus tionscnaimh nua

Más bándearg an cló, is nasc é

## Teimpléid do Chártaí Tuairisce –líon isteach ar an scáileán

Leasaíodh na dréacht-Teimpléid do Chártaí Tuairisce ar bhonn aiseolais agus moltaí ó na naoi scoil is fiche a bhain triail astu ina seomraí ranga.

Féadfaidh scoileanna na teimpléid a úsáid ar dhá bhealach éagsúla:

1. Féadfar iad a phriontáil agus iad a úsáid chun tuairiscí i gcóip chrua a chruthú.
2. Féadfar iad a íoslódáil agus iad a úsáid chun tuairiscí leictreonacha a chruthú agus féadfar iad a phriontáil ansin.

An buntáiste breise a bhaineann leis an dara rogha ná go gcuireann sé ar do chumas na tuairiscí a stóráil go leictreonach.

Féach ar na teimpléid leasaithe agus ar an treoir ghairid faoi conas a d'fhéadfadh scoileanna iad a úsáid ag www.ncca.ie/cartaituairisce. Tá bileoga do thuismitheoirí faoi na teimpléid agus bileoga a mhíníonn scóir thástálacha caighdeánaithe ar an láithreán Gréasáin freisin.

## Torthaí an athbhreithnithe ar churaclam na bunscoile

An dteastaíonn uait faisnéis bhreise a fháil faoin athbhreithniú ar churaclam na Gaeilge, na hEolaíochta agus OSPS? Seoladh dhá chóip de bhileog ina raibh na príomhthorthaí chuig do scoil i ndiaidh an bhriste lár téarma. Cuimsíonn an bhileog eolas achomair ar na buanna agus na dúshláin a d'aithin múinteoirí, príomhoidí, páistí agus tuismitheoirí i ndáil leis na trí ábhar sin. Tugann sí deis iontach duit comparáid a dhéanamh idir d'eispéireas féin i ndáil le múineadh na Gaeilge, na hEolaíochta agus OSPS agus eispéireas daoine eile. Tá an bhileog agus an tuarascáil iomlán ar an athbhreithniú ar fáil ar www.ncca.ie/bunscoileanna/athbhreithniu.

## Béarla mar theanga bhreise (EAL) – smaointe do mhúinteoirí bunscoile

An múinteoir ranga tú a bhíonn ag tacú le páistí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu? Ar bhreá leat a fháil amach cad iad na hábhair atá ar fáil chun tacú le teagasc agus foghlaim i do sheomra ranga? D'oibríomar le scoileanna chun samplaí de chleachtais múinteoirí sa seomra ranga a bhailiú agus chun acmhainní a fháil chun na treoirlínte do Bhéarla mar Theanga Bhreise (EAL) a chomhlánú. Tá físeáin ann a léiríonn conas a dhifreáil múinteoirí foghlaim do pháistí a raibh Béarla mar theanga bhreise acu, agus iad ag múineadh an churaclaim do na páistí uile ina ranganna fós. Tá ábhair thacaíochta do gach ceann de na gníomhaíochtaí agus samplaí de shaothar na bpáistí ar fáil freisin. Caith súil orthu ar www.action.ncca.ie.

## TFC i Scoileanna

Is féidir cur chuige ilmheánach agus roinnt de theicneolaíochtaí nua Web 2.0 a úsáid ar fud an churaclaim ó na naíonáin bheaga go dtí leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Conas is féidir é sin a dhéanamh? Cuireann Creat TFC an CNCM cur chuige struchtúrtha ar fáil do mhúinteoirí chun cabhrú leo TFC a leabú sa churaclam agus sa mheasúnú. Le deireanas, bhain naoi múinteoir is daichead in dhá scoil déag, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon, úsáid as an gCreat agus thug siad aiseolas ar a gcuid gníomhaíochtaí sa seomra ranga. Tá an tuarascáil ar an tionscnamh scoilbhunaithe seo ar fáil ar www.ncca.ie/primary/ict.

Chomh maith leis sin, cuimsíonn tionscadal an Chreata TFC ar www.action.ncca.ie samplaí de ghníomhaíochtaí a chruthaigh daltaí agus múinteoirí i roinnt de na bunscoileanna ar bhronnadh stádas Scoile Digití orthu i gcomhar leis an NCTE. Tá smaointe iontacha ar fáil i gcomhair ceachtanna agus aonad oibre do gach leibhéal ranga.

## ACTION –smaointe nua i gcomhair ceachtanna!

Tá múinteoirí i seomraí ranga ar fud na tíre fós ag roinnt a gcuid eispéiris i ndáil le teagasc agus foghlaim agus idirghníomhú leis an gcuraclam. Is é an tionscadal is deireanaí a cuireadh amach 'beo' ar www.action.ncca.ie ná an Creatchuraclam do Pháistí i Suíomhanna Coinneála agus Cúraim.

Má tá tú ag múineadh i suíomh dá leithéid, seans go mbeidh spéis ar leith agat ann.
Más múinteoir i mbunscoil tú, seans gur fiú duit éisteacht lenár bpodchraoltaí nua – ceann amháin ar Mheasúnú chun Foghlama agus ceann eile ar thástáil chaighdeánaithe. Féadfaidh tú éisteacht leo ar líne nó iad a íoslódáil chun éisteacht leo níos déanaí, ar ghléas eile ar nós seinnteoir MP3. Bain taitneamh astu!

## Curaclam ar líne ar fáil trí Ghaeilge

An mbíonn tú ag iarraidh teacht ar leaganacha Gaeilge de na doiciméid churaclaim agus na siollabais? Fág na leabhair ar ais ar an tseilf, mar is féidir leat teacht ar an eolas ar fad ar an Idirlíon anois. Le tamall anuas bhí ***Curriculum Online*** ar fáil as Béarla ach le déanaí tá an leagan Gaeilge beo freisin. Is féidir leat brabhsáil tríd an eolas go héasca agus giotaí de a chóipeáil gan stró. Tabhair cuairt ar www.curriculumonline.ie/irish/.

## Creat do Pháistí i Suíomhanna Coinneála agus Cúraim (CiDC)

Anois is féidir amharc ar dhréacht-treoirlínte faoi chur i bhfeidhm an chreata do Pháistí i Suíomhanna Coinneála agus Cúraim (CiDC) agus iad a íoslódáil ar www.ncca.ie/inclusion.

Dearadh bileog faisnéise faoin gcreat agus faoi na treoirlínte chun tacú le cur i bhfeidhm an chreata CiDC, agus is féidir sin a íoslódáil chomh maith.

Cuireadh tús le tionscadal feidhmithe chun cabhair agus tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus d'aonaid a úsáidfidh an creat agus na treoirlínte chun a gcláir oideachais a fhorbairt. De réir mar a leanfaidh an obair ar an tionscadal feidhmithe ar aghaidh, beimid ag cur ábhair agus acmhainní nua ar www.action.ncca.ie; mar sin, buail isteach ó am go ham chun tú féin a choimeád ar an eolas faoi fhorbairtí nua.

> **Tosaíonn turas míle láithreán le haon chliceáil amháin...**
>
> Údar Anaithnid


## LIOSTÁIL!

As seo amach, ní fhoilseofar **info@ncca** ach i bhformáid leictreonach.

Má theastaíonn uait an chéad eagrán eile a chur in áirithe roimh ré agus a chinntiú go seachadfar chuig do bhosca ríomhphoist é, téigh chuig láithreán gréasáin an CNCM, cliceáil ar an meirge ar a bhfuil **'Síntiús don Nuachtlitir'** scríofa, líon isteach do mhionsonraí ar an bhfoirm agus cliceáil ar an gcnaipe **'Subscribe'**.

**info@ncca**
**ag tacú le teagasc agus foghlaim**










## Cuir do dhearcadh in iúl dúinn...

**Cuir do dhearcadh in iúl dúinn... ba bhreá linn do thuairimí faoi leagan leictreonach info@ncca a chloisteáil. Iarraimid ort am a chur i leataobh chun ár suirbhé ar líne a líonadh isteach. Cliceáil ar an nasc chun teacht ar an suirbhé, atá ar fáil i mBéarla amháin. Tá d'aiseolas tábhachtach mar cabhraíonn sé linn a chinntiú go soláthraímid an fhaisnéis atá ag teastáil uait i bhformáid inléite.**

**An bhfuil fonn ort é seo a roinnt? Scaip an dea-scéal agus cuir cóip den eagrán seo ar ríomhphost chuig do chomhghleacaithe.**
**Nó arbh fhearr leat cóip chrua agus/nó leagan as líne den eagrán seo a léamh? Íoslódáil chuig do dheasc agus priontáil amach é.**

# An 'dea-fhoghlaimeoir'

## Ag cabhrú le daltaí glacadh le freagracht as a gcuid foghlama féin

**An 'dea-fhoghlaimeoir' tú? Cathain a d'fhoghlaim tú conas a bheith i do dhea-fhoghlaimeoir agus cén chaoi ar fhoghlaim tú é? Cén chuma a bhíonn ar 'dhea-fhoghlaim'? An bhfuilimid ag cabhrú lenár ndaltaí a bheith ina 'ndea-fhoghlaimeoirí' chun go mbeidh siad in ann nithe a fhoghlaim agus taitneamh a bhaint as foghlaim ar feadh an tsaoil?**

Baineann cuid den tasc atá i gceist le daltaí a ullmhú chun bheith ina 'ndea-fhoghlaimeoirí' le cabhrú leo freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin. Nuair a chuirtear i suíomhanna foghlama muid sa saol, leanaimid cúig chéim de ghnáth.

1. **Ullmhaímid** muid féin chun an fhadhb atá os ár gcomhair amach a réiteach tríd an méid atá ar eolas againn cheana féin a mheas agus trí fhéachaint ar conas is féidir linn cur leis an eolas sin.
2. **Déanaimid cinntí** faoin mbealach chun cinn bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar na scileanna atá againn.
3. Tugaimid faoi **ghníomhaíochtaí foghlama**. D'fhéadfadh nithe éagsúla a bheith i gceist leis sin - mar shampla, foinsí faisnéise a aimsiú, foghlaim ghníomhach, labhairt agus éisteacht le daoine eile agus teacht ar réiteach i gcomhar leo.
4. Déanaimid **meastóireacht** ar conas a d'éirigh linn. Féachaimid ar an méid a rinneamar agus measaimid cibé an bhfuilimid sásta leis na torthaí nó nach bhfuil. Féadaimid an chaoi ar bhaineamar na torthaí sin amach a mheas freisin trí mheastóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama.
5. **Rialaímid** muid féin is muid ag dul ar aghaidh. Déanaimid machnamh ar an méid atá á dhéanamh againn agus muid ag dul chun cinn, agus cinnimid an bhfuilimid fós ag dul sa treo ceart lenár spriocanna bunaidh a bhaint amach. Mar thoradh air sin, tarlaíonn sé go minic go dtéimid siar, go ndéanaimid cinntí nua agus go n-athraímid treo.

Is iad sin na céimeanna a leanaimid nuair atá ár bhfoghlaim á treorú againn féin. Tugtar foghlaim fhéintreoraithe air sin go minic.

### Céard atá i gceist le foghlaim fhéintreoraithe?

Mar sin, céard go díreach atá i gceist againn nuair a labhraímid faoi fhoghlaim fhéintreoraithe? Agus go háirithe, ceard a chiallaíonn sé don teagasc in iar-bhunscoileanna?

Uaireanta bíonn múinteoirí an-neirbhíseach faoin gcoincheap seo mar ceapann siad nach bhfuil i gceist leis ach ligean do dhaltaí aon rud is mian leo a dhéanamh maidir le hábhar nó píosa taighde ar leith agus féachaint ansin ar na torthaí a bheidh acu! Is próiseas forchéimnitheach é an fhoghlaim fhéintreoraithe, áfach. Caithfidh foghlaimeoirí raon scileanna a fhorbairt chun cur ar a gcumas gluaiseacht i dtreo foghlama féintreoraithe.

Roghnaítear an frása 'i dtreo' anseo, toisc go bhforbraítear foghlaim iomlán fhéintreoraithe thar am agus de ghnáth tarlaíonn sí i bhfoghlaim daoine fásta seachas i bhfoghlaim ar scoil. Mar sin, san iar-bhunscoil, cabhraímid le foghlaimeoirí gluaiseacht i dtreo pointe ar chontanam na foghlama féintreoraithe.

Is féidir linn ár ndaltaí a ullmhú chun bheith ina bhfoghlaimeoirí féintreoraithe trí chabhrú leo scileanna mar phróiseáil eolais, smaointeoireacht neamhspleách, cumarsáid, meastóireacht, athmhachnamh agus oibriú i bhfoirne a fhorbairt.

Bain triail as an seicliosta ar na leathanaigh seo chun a fháil amach cá háit a bhfuil do chuid ranganna ar an gcontanam idir foghlaim mhúinteoirthreoraithe agus foghlaim fhéintreoraithe. B'fhéidir gur bhreá leat roinnt cóipeanna den liosta a dhéanamh agus athmhachnamh a dhéanamh ar roinnt ranganna éagsúla chun a fháil amach an mbaineann tú úsáid as cur chuige éagsúil ag brath ar an ngrúpa ranga. Ná bí buartha mura bhfuil do ranganna ag pointe atá ag barr scála na foghlama féintreoraithe. Más féidir linn cabhrú le daltaí dul chun cinn a dhéanamh sa chontanam agus iad fós ar scoil, beidh siad níos ullmhaithe don fhoghlaim i ndiaidh na scoile.

### Conas is féidir linn cabhrú le daltaí scileanna foghlama a fhorbairt?

Insíonn múinteoirí a oibríonn ar **phríomhscileanna** lena ndaltaí go bhfuil sé riachtanach go gcreideann foghlaimeoirí go bhfuil ar a gcumas:

- monatóireacht a dhéanamh ar a gcuid foghlama féin
- a bheith neamhspleách ó mhúinteoirí
- a gcuid oibre féin a mheas.

D'úsáid múinteoirí gníomhaíochtaí éagsúla foghlama chun na scileanna seo a chur chun cinn. Seo duit trí shampla.

Cothaíonn **piartheagasc** foghlaim fhéintreoraithe mar spreagann sé foghlaimeoirí chun a bhfoghlaim a roinnt lena chéile, chun aiseolas óna bpiaraí a ghlacadh agus a úsáid agus chun féachaint ar an tasc ar bhealaí éagsúla. Tá a lán cineálacha éagsúla den teagasc seo ann.

D'iarr múinteoir Béarla amháin ar a daltaí ábhar a mhúineadh don rang iomlán ar feadh fiche nóiméad uair amháin sa tseachtain. Ar dtús, níor theastaigh ach ó roinnt daltaí muiníneacha é a dhéanamh, ach ó mhí Mheán Fómhair i leith, thapaigh na daltaí uile an deis chun an rang a mhúineadh.

Roinn múinteoir Bitheolaíochta a rang ina bhfoirne; tugadh ábhar do gach foireann ar ghá dóibh é a mhúineadh. Thug siad róil éagsúla dá chéile; bhí roinnt acu freagrach as an bhfaisnéis a fháil, roinnt eile as í a chur ar smeach-chairt agus roinnt eile as an ábhar a theagasc.  Is bealach maith é seo chun dul siar ar phíosa fada den chúrsa. Dúirt na daltaí *'...bíonn cuimhne níos fearr agat air nuair is gá duit é a mhúineadh'* agus *'Éistim níos mó le mo chairde agus iad ag múineadh ná mar a éistim leis an múinteoir, úsáideann siad focail níos éasca agus tugann siad leideanna duit faoi conas fíricí*



info@ncca

*a chur de ghlanmheabhair'*. Fuair daltaí aiseolas óna bpiaraí faoina gcuid teagaisc; spreag sin daltaí eile chun dul siar ar na hábhair agus iarracht a dhéanamh teacht ar easnaimh.

Le **piarcheartú** cuirtear aiseolas ar fáil ag leibhéal níos airde arís. Sa chás seo, cuirtear na daltaí i mbeirteanna agus ceartaíonn siad obair a chéile. Leagann an múinteoir agus na daltaí na critéir amach i gcomhar lena chéile. Thuairiscigh múinteoir amháin gur tháinig laghdú mór ar a cuid oibre – *'Bíonn seachtó faoin gcéad de na botúin ceartaithe faoin am a bhfaighim na cóipleabhair. Léann siad tuairimí a chéile, agus déanann siad iarracht níos mó dá gcairde ná mar a dhéanann siad domsa. Dúirt dalta amháin, 'Rachainn sa seans le téacs ina mbeadh botúin litrithe a thabhairt duitse, a Mhúinteora, ach ní bheinn sásta é a chur faoi bhráid mo charad'.'*

Má táthar chun cabhrú le foghlaimeoirí a bheith níos féintreoraithe, ní mór cabhrú leo deireadh a chur lena spleáchas ar dhaoine eile chun faisnéis a thabhairt dóibh. Má bhaintear úsáid as eagraithe grafacha, spreagtar an foghlaimeoir chun taighde a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhfuil gá léi, príomhphointí a phiocadh amach agus na pointí sin a thaifeadadh ar bhealach a oireann dó nó di.
**Education Oasis**

## An t-athrú a dhéanamh

Mar sin, má theastaíonn uait athruithe a dhéanamh i do sheomra ranga chun cabhrú le foghlaimeoirí gluaiseacht i dtreo na foghlama féintreoraithe, féadfaidh tú

- foghlaimeoirí a spreagadh chun cinntí a dhéanamh faoi céard atá á fhoghlaim acu agus conas atá sé á fhoghlaim acu
- tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun cabhrú leo eolas a thógáil in áit eolas a fháil.
- timpeallacht ranga shábháilte ach dhúshlánach a chruthú inar féidir le foghlaimeoirí leas a bhaint as bealaí éagsúla foghlama.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil, tabhair cuairt ar an gcuid de **láithreán gréasáin an CNCM** a bhaineann le **Measúnú chun Foghlama** agus **Príomhscileanna**. Tá smaointe agus samplaí breise de ghníomhaíochtaí éagsúla foghlama ar fáil ar láithreán gréasáin **ACTION**.

**Más bándearg an cló, is nasc é**



## Seicliosta d'fhoghlaim fhéintreoraithe

Bain úsáid as an seicliosta seo chun a fháil amach cá háit a bhfuil do ranganna ar an gcontanam idir foghlaim mhúinteoirthreoraithe agus foghlaim fhéintreoraithe.

| | Foghlaim mhúinteoirthreoraithe | Foghlaim fhéintreoraithe |
|---|---|---|
| **Ullmhúchán** | Socraíonn an múinteoir spriocanna foghlama agus roghnaíonn sé/sí gníomhaíochtaí foghlama | Socraíonn foghlaimeoirí spriocanna agus roghnaíonn siad gníomhaíochtaí foghlama |
| **Déanamh cinntí** | Cinneann an múinteoir céard a fhoghlaimítear agus conas a fhoghlaimítear é | Cinneann foghlaimeoirí conas a leanfaidh siad ar aghaidh |
| **Gníomhaíochtaí foghlama** | Faisnéis a thabhairt ó bhéal, staidéar aonair | Gníomhaíochtaí foghlama ar nós: turgnaimh a dhéanamh, taighde agus staidéar a dhéanamh ar fhaisnéis, foghlaim a roinnt le daoine eile, agus athmhachnamh |
| **Meastóireacht** | Torthaí na foghlama measúnaithe ag múinteoirí agus scrúduithe | Déanann foghlaimeoirí a bhfoghlaim agus a ndul chun cinn féin a mheas i leith a spriocanna bunaidh |
| **Rialú** | Rialaíonn an múinteoir an próiseas agus insíonn sé/sí don fhoghlaimeoir céard é an chéad rud eile a tharlóidh | Déanann foghlaimeoirí monatóireacht ar a ndul chun cinn féin agus stiúrann siad na gníomhaíochtaí foghlama |

# Glac Grianghraif!

## 10 mbliana de Churaclam na Bunscoile a chomóradh



### Cad é an scéal?

Is deacair a chreidiúint go bhfuil **Curaclam na Bunscoile** ar an saol le 10 mbliana anois. Ní cosúil go bhfuil tréimhse chomh fada sin imithe thart ó cuireadh na boscaí de thrí leabhar is fiche chuig gach seomra ranga in Éirinn.

Deich mbliana níos déanaí, agus mar bhuíochas ar thiomantas agus ar obair chrua múinteoirí agus pobal scoile, tá an curaclam amuigh as an mbosca agus leabaithe i saol laethúil seomraí ranga ar fud na tíre.

Cé nach bhfuil na dúshláin atá fós le sárú ceilte orainn, tugann an ceiliúradh 10 mbliana seo deis dúinn aitheantas a thabhairt do bhuanna agus éachtaí na scoileanna uile ar éirigh leo tacú le foghlaim páistí le cabhair Churaclam na Bunscoile. I gcomthéacs an staid eacnamaíoch, thángamar ar bhealach saor spreagúil chun cur ar chumas gach scoile páirt a ghlacadh sa chomóradh deich mbliana. Ar aghaidh leat ag léamh chun a fháil amach conas is féidir le do scoil páirt a ghlacadh.

### Conas is féidir liom páirt a ghlacadh?

**Céim 1: Tóg amach an ceamara digiteach**

- Tugtar cuireadh do gach scoil suas le **trí ghrianghraf dhigiteacha le teidil** a sholáthar den rud is mó a léiríonn an curaclam i ngníomh, i do thuairim féin agus i dtuairim na ndaltaí agus na dtuismitheoirí. Smaoinigh ar na héachtaí beaga simplí agus na heachtraí a bhíonn thart i bhfaiteadh na súl..
- Tabhair cuairt ar **www.getsnapping.ncca.ie/gaeilge**. Tá samplaí de ghrianghraif le teidil ann, i dteannta foirme rannpháirithe ar líne agus foirm toilithe do thuismitheoirí. Mínítear ann freisin conas do ghrianghraif a sheoladh isteach.
- Ná déan dearmad, féadfaidh do rang nó do scoil a lán grianghraf digiteach a mheas sula roghnófar na grianghraif dheiridh.




snap

info@ncca

snap



snap



snap

**Céim 2: Roghnaigh teidil oiriúnacha**

- Ná déan dearmad **teideal a chur** ar gach grianghraf. Ná bíodh drogall ort leas a bhaint as samhlaíocht gan teorainn na bpáistí i do rang agus tú ag iarraidh teidil a chumadh!

**Céim 3: Anois tá tú réidh leis na grianghraif a sheoladh isteach**

- Téigh chuig **www.getsnapping.ncca.ie/gaeilge** chun teacht ar na treoracha simplí atá éasca le leanúint faoi conas is féidir leat na grianghraif a sheoladh isteach.
- Is é an dáta deiridh le grianghraif a sheoladh isteach **Dé hAoine, an 12 Meitheamh**. Ansin gheobhaidh gach scoil rannpháirteach teastas ar ríomhphost mar aitheantas gur ghlac siad páirt sa tionscnamh.

## Céard a tharlaíonn ansin?

Idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2009, beidh na grianghraif a sholáthair scoileanna áitiúla ar taispeáint ag na hionaid oideachais. Taispeánfar rogha ionadaíoch grianghraf ar chuid ACTION de láithreán gréasáin an CNCM **www.action.ncca.ie**.

Cuirfidh na taispeántais leictreonacha seo ar chumas múinteoirí agus pobail scoile áit ar bith in Éirinn léargas a fháil ar na cleachtais laethúla agus ar an gcruthaitheacht atá ina bpríomhthréithe de Churaclam na Bunscoile. De ghnáth ní féidir linn léargas a fháil ar obair an oiread seo scoileanna agus mar sin, is dócha gurb é an bealach is fearr le haitheantas a thabhairt don obair seo ná í a roinnt agus aitheantas poiblí a thabhairt di.

## Cad eile atá ar siúl mar chuid den chomóradh 10 mbliana?

Forbróidh an CNCM deich gcás-staidéar, nó scéalta scoile, i gcomhpháirtíocht le príomhoidí, múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí i roinnt scoileanna. Déanfaidh na scéalta ionadaíocht ar scoileanna ó chomhthéacsanna éagsúla, agus díreoidh siad isteach ar a n-eispéireas agus ar an obair nuálaíoch a rinne siad chun gné den churaclam a threorú agus chun tacú léi.

Beidh na scéalta scoile ar fáil ar ACTION freisin. Má tá scéal ag do scoilse ar mhaith leat roinnt linn cuir ríomhphost chuig **schoolstories@ncca.ie** chun tuilleadh eolais a fháil.

Seolfar taispeántas poiblí de shamplaí de na grianghraif le teidil agus de na scéalta scoile ag seimineár aon lae amháin i mí Dheireadh Fómhair a mbeidh cuirí ar fáil chuige. Sa seimineár leagfar béim ar thionchar Churaclam na Bunscoile ar phobail scoile ó seoladh é deich mbliana ó shin, agus pléifear an méid is féidir linn a fhoghlaim ó na héachtaí agus na dúshláin, go háirithe i bhfianaise athruithe sa chomhthéacs oideachais le deireanas. Bunscoileanna a chuireann grianghraif le teidil agus/nó scéalta scoile chugainn, tabharfar cuireadh d'ionadaithe ó na scoileanna sin páirt a ghlacadh sa seimineár.

Mar sin, ná bíodh moill ort ...tabhair cuairt ar **www.getsnapping.ncca.ie/gaeilge** ar aghaidh leat ag glacadh grianghraf!

# Creat do chách:

## Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí

**Tá Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí (NFQ) i bhfeidhm ar feadh cúig bliana anois. Céard atá ar eolas agat faoi? Cén bhaint atá aige le d'obair i scoileanna agus le scoileanna? In 2008 agus 2009, tá Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI) ag féachaint ar thionchar an chreata ar na hearnálacha oideachais uile. Thug an CNCM próiseas comhairliúcháin agus tuairisc ar a thionchar ar an earnáil scoileanna chun críche. Is iad seo a leanas cúig cinn de na príomhphointí a d'éirigh as an gcomhairliúchán sin.**

### D'éirigh le cur i bhfeidhm an chreata agus bhí tionchar dearfach aige ar a lán bealaí!

B'fhorbairt dhearfach é tabhairt isteach an chreata do gach duine a mbíonn baint acu le scoileanna, go háirithe d'fhoghlaimeoirí. D'éirigh lena chur i bhfeidhm mar tá a fhios ag formhór na ndaoine a bhíonn ag obair i scoileanna go bhfuil sé ann agus tuigeann siad an ról atá aige. Bhí tionchar iomlán dearfach aige, go háirithe i dtuairim na ndaoine a raibh orthu idirghníomhaíocht dhlúth a dhéanamh leis. Aithníonn daoine a oibríonn san earnáil nádúr cuimsitheach an chreata, an taca a chuireann sé faoi fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus an cumas atá aige cabhrú le dul i ngleic le héagothroime san oideachas. Mar sin, ní mór a aithint ón tús gur éirigh go han-mhaith leis.

### Mar sin féin, an raibh, agus an mbeidh sé ina chreat do roinnt daoine, nó ina chreat do chách?

Tháinig an cheist seo chun cinn le linn na gcomhairliúchán. Dúirt roinnt daoine a ghlac páirt sna comhairliúcháin cé gur thuig scoileanna go ginearálta go raibh an creat ann, ní raibh mórán eolais mhionchruinn ná tuiscint dhomhain acu air. Daltaí agus daoine a oibríonn i scoileanna, ba mhinic a chuir siad an cheist – cén bhaint atá aige liom?. Fuaireamar amach freisin gur spreagadh scoileanna chun dul i ngleic leis an gcreat nuair a bhí an t-idirghníomhú sin riachtanach. Rinne na scoileanna a raibh sé riachtanach dóibh oibriú leis an gcreat an t-idirghníomhú sin, agus de ghnáth ba scoileanna iad a oibríonn le daoine imeallaithe i sochaí na hÉireann. Dar leis an tuairisc –

> *Tá baol ann go bhfuiltear ag glacadh leis an gcreat mar chreat a bhfuil baint aige le 'roinnt' scoileanna, ach nach bhfuil baint aige le 'gach' scoil, agus mar shampla, nach mbeidh ar 'dhalta maith príomhshrutha' idirghníomhú leis an gcreat riamh toisc go nglactar leis go bhfuil a bhealach chun cinn tríd an gcóras oideachais socraithe, gur an 'gnáthbhealach' bunaithe é, agus gur bealach é a thóg formhór an phobail i gcoitinne agus a bhfuil tuiscint mhaith ag daoine air.*
>
> *Cinnte, is é an díol imní a bhaineann leis seo ná gur baolach go nglacfaidh an earnáil leis an gcreat seo thar am mar chreat a bhaineann go príomhúil le dámhachtainí 'malartacha' agus soláthar oideachais 'malartach'. D'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin i dtéarmaí stádas de facto agus aitheantas dámhachtainí agus soláthair dá leithéid. Ní mór é sin a sheachaint má táthar chun lánacmhainneacht an chreata chuimsithigh cáilíochtaí a bhaint amach.*

### Tá an NFQ ag feidhmiú mar phointe tagartha d'fhorbairt curaclaim agus do sholáthar curaclaim.

Fiú amháin ag an gcéim luath seo, ní fhéadfaí cáilíocht nua scoile nó gné nua churaclaim a fhorbairt gan tagairt a dhéanamh don chreat seo agus gan an cháilíocht nó gné a ailíniú leis. Mar shampla, déantar tagairt don chreat seo mar chuid d'obair an CNCM chun creat curaclaim don tsraith shóisearach a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí le riachtanais speisialta oideachais agus mar chuid dá obair i gcomhar le scoileanna chun próifílí foghlama níos solúbtha a fhorbairt do dhaltaí na sraithe sinsearaí.

Tá tionchar an chreata an-soiléir i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- an fócas ar phríomhscileanna agus ar phríomh-inniúlachtaí
- smaointeoireacht i ndáil le cineál agus méid na gcomhpháirteanna curaclaim ar chóir dámhachtain nó cáilíocht a bheith mar thoradh orthu sna comhthéacsanna seo
- forbairt torthaí foghlama chun tacú le pleanáil agus measúnú teagaisc agus foghlama.

Ó tugadh an creat isteach, is fíor freisin go bhfuil aird níos mó tugtha ag scoileanna ar rochtain ar dhámhachtainí oideachais bhreise



nó aosaigh nó ar conas dámhachtainí nua scoile a thabhairt isteach sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach. Mar sin, is cosúil go raibh tionchar an-dearfach ag an gcreat!

## Níl deireadh fós leis an díospóireacht leanúnach faoi churaclaim agus cáilíochtaí bunaithe ar thorthaí

Chuir roinnt de na daoine a ghlac páirt sa chomhairliúchán in iúl go raibh ionadh orthu nach ndéantar plé níos minice ar an mbéim a leagann an creat ar churaclaim agus cáilíochtaí bunaithe ar thorthaí. San earnáil scoileanna, ag coistí an CNCM, mar shampla, agus i dtuarascálacha taighde a bhaineann le hábhar, tá plé mór á dhéanamh fós faoi churaclaim bunaithe ar thorthaí!

Is é an díol imní ná go mbíonn claonadh ann go mbíonn curaclaim bunaithe ar thorthaí ró-fhorordaitheach agus ró-fhóntaíoch agus go mbíonn fócas ró-theorantach acu. Áitíonn roinnt daoine nach ndéantar measúnacht ach ar an méid is féidir a mheasúnú go héasca i gcuraclaim dá leithéid. Deir daoine eile go mbíonn siad níos oiriúnaí do chomhthéacs oiliúna ná do chomhthéacs oideachais, agus in ionad tréithe mar chruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontraíocht a spreagadh, go gcuireann siad teorainn lena bhforbairt. Is díol imní é freisin go bhféadfadh tionchar diúltach iarmhartach a bheith acu ar theagasc agus ar fhoghlaim i suíomhanna ardspriocanna ina mbíonn 'teagasc de réir an scrúdaithe' coitianta.

Cinnte, tarraingítear aird freisin ar airíonna dearfacha na gcuraclam bunaithe ar thorthaí – an tsoiléireacht a chuireann siad ar fáil sa churaclam, mar shampla – a fhios a bheith agat céard a bheidh an foghlaimeoir in ann a dhéanamh i ndiaidh dó nó di cúrsa staidéir a chríochnú. Pointe dearfach eile a luaitear ná gur féidir torthaí foghlama a cheapadh a sheachnaíonn roinnt de na dainséir thuasluaite. Agus é ag forbairt curaclam le deireanas, chonacthas don CNCM go mbíonn gá le go leor ama, oibre agus cúraim agus gur tasc an-chasta é torthaí foghlama saibhre a fhorbairt, ach gur féidir é a dhéanamh. Cabhraíonn torthaí maithe le múinteoirí cinntí a dhéanamh faoi mhodheolaíocht, acmhainní agus straitéis mheasúnaithe agus féadfaidh siad cabhrú le foghlaimeoirí cuntas a choinneáil ar a gcuid foghlama féin.

In ainneoin sin, tá an díospóireacht faoi churaclaim bunaithe ar thorthaí ag dul ar aghaidh fós, agus is fócas suimiúil don díospóireacht sin é an creat.

## An caidreamh tearcfhorbartha idir an earnáil scoileanna agus cáilíochtaí scoile agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

Nuair a léann tú torthaí na **tuairisce comhairliúcháin** (ar láithreán gréasáin an NQAI) braitheann tú, go ginearálta, go bhfuil an caidreamh idir an earnáil scoileanna/cáilíochtaí scoile agus idé na foghlama ar feadh an tsaoil tearcfhorbartha fós.

Ní bhaintear an chonclúid seo amach ar bhealach daorbhreithiúnach. Níl an locht ar aon duine. Bhí an earnáil scoileanna ann roimh an gcreat agus bhí sé ann sular forbraíodh an coincheap d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Murab ionann is gach earnáil eile, oibríonn an earnáil seo den chuid is mó laistigh de thréimhse éigeantach oideachais foghlaimeoirí. Mar sin, ar an mbealach sin, oibríonn sí laistigh de pharaiméadair atá éagsúil ó pharaiméadair an bhreisoideachais agus an ardoideachais. Chomh maith leis sin, nílimid ach ag céim luath fós. Tugadh an creat agus na forbairtí a bhaineann leis isteach go tapa. Mar sin, mar earnáil, ní mór dúinn roinnt forbartha a dhéanamh. Lena chois sin, mar a luaigh an OECD i measc eile, ní hé go mbaineann an bhraistint seo de chaidreamh tearcfhorbartha idir scoileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil le hearnáil scoileanna na hÉireann amháin.

In ainneoin sin, is é toradh an chomhairliúcháin ná go bhfuil a lán oibre le déanamh fós chun a shoiléiriú cén tionchar a bhíonn ag céimeanna éagsúla scolaíochta ar bhaint amach an chuspóra deiridh d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Mar shampla, conas a chabhraíonn an tsraith shóisearach le glúin d'fhoghlaimeoirí oilte, inniúla agus cruthaitheacha a fhorbairt a bhfuil ar a gcumas rochtain a fháil ar dheiseanna oideachasúla ar feadh an tsaoil?

Cad iad na himpleachtaí do scoileanna mar eagraíochtaí, do theagasc agus foghlaim mar a dhéantar inniu iad, do sholáthar curaclaim mar atá sé sa lá atá inniu ann, a bhaineann leis an misean seo d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil? Is ceisteanna suimiúla iad sin uile, agus ní mór athmhachnamh a dhéanamh orthu agus muid ag féachaint ar thionchar an chreata in 2009!



# Tionscadal FÓN

## Foghlaim Ón Nuatheicneolaíocht

**Fóin phóca – rinneamar ár ndícheall cosc a chur orthu ar scoil...mar sin, cén fáth a bhfuilimid ag moladh iad a úsáid i scoileanna anois? Ar aghaidh leat ag léamh chun a fháil amach conas a léirigh an CNCM gur féidir fóin phóca agus comhrá ar líne a úsáid mar uirlisí éifeachtacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe.**



I gcomhpháirtíocht le Foras na Gaeilge, an NCTE (An tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas) agus ár macasamhail i dTuaisceart Éireann, an CCEA, chuireamar fóin phóca agus comhrá ar líne ar fáil do 420 dalta sa dara bliain nó i mBliain 10, agus dá múinteoirí, i sé scoil trasteorann.

B'fhéidir gur cuimhin leat léamh faoi chéim a haon den tionscadal **FÓN**, ar tugadh **MALL** air, in eagrán roimhe seo de **info@ncca**. An uair seo, mhéadaíomar na bealaí ina bhféadann daltaí a bhfóin phóca a úsáid agus chuireamar feabhas ar an teicneolaíocht chúlra, chun cur ar chumas na múinteoirí uile an t-ábhar a sheachadtar dá ndaltaí a chur in oiriúint dá ranganna féin.

### Conas a úsáidtear na fóin phóca agus an comhrá ar líne?

Is féidir fóin a úsáid ar thrí bhealach éagsúla anois:

- sceideal a shocrú chun stór focal a sheachadadh chuig daltaí ar SMS
- comhrá dalta le dalta a éascú, a thaifeadtar le haghaidh an mhúinteora
- freagraí daltaí ar cheisteanna a thaifead, sa chaoi is gur féidir leis an múinteoir rochtain a fháil orthu níos déanaí. Tá dhá rogha ann: (a) sraith ceisteanna a chruthaíonn an múinteoir nó (b) seisiúin chleachtaidh réamhthaifeadta

Déantar an comhrá ar líne i láthair comhrá shlán ar a ndéanann an múinteoir monatóireacht, ina ndéanann daltaí comhrá le chéile faoi thasc ainmnithe ag an múinteoir. Bíonn an tasc bunaithe ar ábhar spreagúil, leithéidí físeán, sliocht fuaime nó grafaic, agus taifeadtar gach rud chun cur ar chumas an mhúinteora é a rochtain níos déanaí.


### Conas a idirghníomhaíonn múinteoirí agus daltaí leis an gcóras FÓN?

Féadfaidh múinteoirí inneachar réamhthaifeadta laistigh den chóras fóin a úsáid chun seachadtaí de stór focal ar SMS, tascanna ar féidir le daltaí comhrá a dhéanamh fúthu agus seisiúin cheisteanna agus freagraí a shocrú.

Chun go mbeadh ábhar an chórais níos suimiúla, nuair a bhí sé á thiomsú againn d'iarramar ar dhaoine mór le rá cabhrú linn trí inneachar réamhscríofa a thaifeadadh. Cloiseann daltaí glórtha Caroline Morahan, Mario Rosenstock, Éanna Ní Lamhna, Fiona Looney agus roinnt pearsantachtaí



spóirt Éireannacha nuair a logálann siad isteach chun seisiún a dhéanamh. Chuir sin le corraitheacht an tionscnaimh, cinnte. Féadann múinteoirí a n-inneachar féin a chur leis freisin, agus mar sin féadann siad difreálú a dhéanamh dá ngrúpa ranga féin.



## Céard atá le rá ag múinteoirí agus daltaí faoi leas a bhaint as fóin phóca agus comhrá ar líne i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú na Gaeilge?

Tá ag éirí thar barr le teicneolaíochtaí FÓN! Bíonn daltaí an-tógtha leis na huirlisí foghlama nua agus dúirt siad go bhfuil feabhas curtha ar a gcumas labhartha sa Ghaeilge, go bhfuil méadú tagtha ar a stór focal, agus go mbíonn spéis níos mó acu i nglaoch a chur agus a gcuid obair bhaile Gaeilge a dhéanamh.



Bíonn daltaí ag glacadh páirte i bhfíorchumarsáid le daltaí eile ó scoileanna ar fud na tíre freisin, agus ag cur feabhais ar a bhfeasacht agus ar a dtuiscint ar chanúintí eile. Luaigh siad go mbíonn deis acu a gcuid Gaeilge a chleachtadh uair ar bith, áit ar bith, ag luas a oireann dóibh. Agus léiríonn a gcuid aiseolais go mbíonn siad ag éirí níos féinriartha mar fhoghlaimeoirí agus go mbíonn siad ag úsáid a dtaifead chun cur lena bhfeasacht ar a n-inniúlachtaí féin, agus chun cuntas ar a ndul chun cinn sa Ghaeilge a choinneáil.





Ó dhearcadh na múinteoirí de, cuireann na teicneolaíochtaí ar a gcumas níos mó a chloisteáil ó gach dalta, agus an feabhas soiléir thar thréimhse ama a chloisteáil freisin. Thug siad faoi deara go mbaineann daltaí níos mó taitnimh as an nGaeilge, agus dúirt siad go n-úsáideann daltaí a gcuid fón le haghaidh obair bhaile roinnt uaireanta gach tráthnóna, go minic déanach san oíche! Cé go gcaithfidh siad níos mó ama a chur i leataobh chun pleanáil do na teicneolaíochtaí nua agus chun oibriú leo, braitheann siad gur fiú é. Dúirt múinteoirí freisin go n-éascaíonn na teicneolaíochtaí athrú chuig foghlaim atá níos treoraithe ag daltaí (féintreoraithe).

Leanfar leis an gcéim seo den tionscadal **FÓN** sna scoileanna go dtí mí an Mheithimh. Chun tuilleadh faisnéise a fháil ar an tionscadal agus é ag dul ar aghaidh, logáil isteach ar bhlag FÓN ar **http://foghlaimga.edublogs.org**. Ba bhreá linn do thuairimí a chloisteáil!

**Tá ag éirí thar barr le teicneolaíochtaí FÓN! Bíonn daltaí an-tógtha leis na huirlisí foghlama nua agus dúirt siad go bhfuil feabhas curtha ar a gcumas labhartha sa Ghaeilge, go bhfuil méadú tagtha ar a stór focal, agus go mbíonn spéis níos mó acu i nglaoch a chur agus a gcuid obair bhaile Gaeilge a dhéanamh.**

# An Líonra B

## Céard atá ag tarlú?

**Seans gur cuimhin leat go bhfuair tú an bhileog *Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile*, Céim 2 sa phost i ndiaidh an bhriste lár téarma. Leag an bhileog seo béim ar thorthaí príomhúla an athbhreithnithe a rinneadh le deireanas ar *Churaclam na Bunscoile*.**

Insíonn fotheideal na bileoige – *A ndúirt sibh linn agus an chéad chéim eile* – an chúis ar tháirgeamar í agus an chúis ar sheolamar chuig scoileanna í. Le linn na mblianta 2006/07 fuaireamar aiseolas luachmhar faoi ghnéithe tábhachtacha den churaclam ó bheagnach 1,400 múinteoir, ó 8 scoil trí mheán na gcás-staidéar mionchruinn, agus ó mhúinteoirí agus ó pháistí sa staidéar speisialta ar an eolaíocht sa churaclam. Bhraitheamar go raibh sé tábhachtach na príomhtheachtaireachtaí ón athbhreithniú seo a roinnt libh agus a insint daoibh céard atá á dhéanamh againn mar fhreagairt ar na torthaí.

Baineann an t-alt seo leis an obair atá á déanamh ag an Líonra Bunscoile chun freagairt do na torthaí.

### An Líonra Bunscoile

Bhunaigh an CNCM líonra scoile chun díriú isteach ar na dúshláin a tháinig chun cinn san athbhreithniú. Mar a léirítear sa bhileog, leag an t-athbhreithniú béim ar roinnt príomhbhuanna agus ar roinnt príomhdhúshlán. Bhain na dúshláin le ham agus ró-ualú curaclaim, modhanna sonracha teagaisc, measúnú agus Curaclam na Gaeilge.

Beidh ar chumas an líonra oibriú go díreach le scoileanna chun freagairtí do na dúshláin seo a cheapadh ar bhealach a léiríonn saol réadúil an tseomra ranga bunscoile. Beidh áthas ort a fháil amach go bhfuil seomraí ranga ilghráid ina ngné thábhachtach den líonra agus mar sin, beidh an obair uile treoraithe ag na dúshláin ar leith a bhaineann leis na suíomhanna casta seo.
Trí réimse oibre atá beartaithe:

- Measúnú
- Teanga
- Modhanna Teagaisc agus Foghlama.



Mar sin féin, is é an plean fadtéarmach idirghníomhú a chur chun cinn idir réimsí uile an líonra agus idir na scoileanna rannpháirteacha uile. Tá sin tábhachtach mar níor léirigh an t-aiseolas a thug múinteoirí dúinn – faoi na gnéithe a raibh ag éirí go maith leo agus na gnéithe dúshlánacha – go raibh línte deighilte soiléire ann trasna an churaclaim. Ní féidir díol imní faoi mheasúnú a dheighilt ó dhíol imní faoi theanga, agus vice versa. Ní féidir dearcadh múinteoirí faoi theagasc agus faoi fhoghlaim a lipéadú mar dhearcadh nach mbaineann ach le réimsí sonracha curaclaim.

### Obair ar siúl i láthair na huaire

Tá obair an Líonra Bunscoile ar siúl i roinnt réimsí, agus tá sí á pleanáil i réimsí eile. Tá sí d'aidhm ag an imlíne ghinearálta anseo thíos blas a thabhairt duit ar céard atá ag tarlú trí fhéachaint ar an obair atá ar siúl cheana féin chun freagairt do na dúshláin a tuairiscíodh maidir le le measúnú agus teanga (*Curaclam na Gaeilge*).

### Measúnú

- Tá 17 scoil páirteach san obair seo (9 i réigiún a chlúdaíonn Baile Átha Cliath, Cill Mhantáin agus Lú, agus 8 i Maigh Eo).
- Agus é dírithe ar mheasúnú chun foghlama (AfL), tá an réimse seo den líonra ag cur leis na modhanna measúnaithe a úsáideann múinteoirí agus a ndéantar cur síos orthu in ***Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna.***

# unscoile



- Tá an líonra ag forbairt ábhar chun cabhrú le múinteoirí dul chun cinn páistí maidir le foghlaim a mheas agus aiseolas a thabhairt do pháistí faoina gcuid foghlama. Chun na críche sin, beidh bailiúchán de shamplaí d'obair daltaí, le tráchtaireacht óna múinteoirí, ar fáil ar láithreán gréasáin ACTION.

**Cé nach aschur díreach ó obair an líonra é, féadfaidh tú cuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin ACTION anois chun féachaint ar roinnt físeán samplach a rinne múinteoirí bunscoile Éireannacha ag cur gnéithe de mheasúnú chun foghlama (AfL) i ngníomh ina gcuid seomraí ranga. Tá na físeáin seo mar chuid de thorthaí an tionscnaimh taighde GOALL (Guiding Our Assessment for Literacy Learning) a rinne Coláiste Phádraig. Le linn an tionscnaimh seo, d'úsáid grúpa múinteoirí rang a dó teicnící AfL chun tacú le forbairt litearthacht na bpáistí.**

## Teanga


- Tá scoileanna de chineálacha agus de mhéideanna éagsúla, lena n-áirítear scoileanna le teangacha éagsúla teagaisc, ag glacadh páirte san obair ar an nGaeilge.
- Ar dtús, beidh múinteoirí ag baint trialach as uirlisí chun cabhrú leo céimeanna forbartha teanga páistí a anailísiú. Beidh sin mar chuid de na hullmhúcháin chun imscrúdú a dhéanamh ar chineálacha cur chuige teagaisc agus foghlama. An cuspóir leis an obair sin uile ná dul chun cinn i bhfoghlaim teanga a chothú.
- Chun tacú leis an obair seo, tá ábhar chun an curaclam teanga a chur i láthair i mbealach úr agus ábhair bhreise a bhaineann le pleanáil agus teagasc teanga á bhforbairt ag an CNCM.

## Na chéad chéimeanna eile don Líonra

Tá forbairt leanúnach ag teacht ar obair an Líonra Bunscoile mar fhreagra ar thorthaí an athbhreithnithe ar an gcuraclam, agus tá tionscadail eile beartaithe.

Féadfaidh tú tuilleadh faisnéise a fháil faoin líonra trí logáil isteach ar **www.ncca.ie**, trí na hailt agus an nuacht in **info@ncca** a léamh nó trí chuairt a thabhairt ar láithreán gréasáin **ACTION** ar a gcuirfear aschur na hoibre seo de réir mar a fhorbraítear é.

Agus ná déan dearmad...má tá spéis agat féin nó ag do scoil páirt a ghlacadh sa Líonra Bunscoile chun aghaidh a thabhairt ar aon cheann de na réimsí luaite san alt seo, ba bhreá linn cloisteáil uait ag **newsletter@ncca.ie**.





# Buail leis na tuismitheoirí

**An tráth seo den bhliain, seans go bhfuil do scoil ag déanamh ullmhúchán le haghaidh cruinniú faisnéise/ionduchtaithe do thuismitheoirí Naíonáin Bheaga na bliana seo chugainn. Má tá, seans gur fiú duit féachaint ar www.ncca.ie/tuismitheoiri, áit a bhfuil raon faisnéise ar fáil do scoileanna agus do thuismitheoirí. Seo duit roinnt samplaí den mhéid atá ar fáil ann.**


## Foghlaim páistí sa bhunscoil: Céard, cén fáth agus conas

Tugann an DVD seo léargas do thuismitheoirí ar eispéireas páistí le **Curaclam na Bunscoile**, i dteannta forbhreathnaithe ar an gcuraclam féin. Cuirtear i láthair é trí scéalta foghlama cúigear páistí ag céimeanna éagsúla dá luath-oideachais agus dá n-oideachas bunscoile. Léiríonn an DVD conas is féidir le tuismitheoirí tacú le foghlaim a bpáiste sa bhaile, roimh an mbunscolaíocht agus lena linn.

Fuair do scoil roinnt cóipeanna den DVD nuair a táirgeadh é den chéad uair in 2006. Má tá cóipeanna breise uait le hiad a scaipeadh ar thuismitheoirí, tá siad ar fáil saor in aisce, ach iad a bhailiú ó aon cheann de na hionaid oideachais lánaimseartha.

D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach an forbhreathnú agus na codanna a bhaineann le luathfhoghlaim agus naíonáin bheaga/mhóra a thaispeáint do thuismitheoirí na naíonán beag nua. Feidhmeoidh sé mar thúsphointe maith chun cabhrú leo taithí bhreise a fháil ar **Churaclam na Bunscoile** agus plé a thosú ar céard is féidir le tuismitheoirí a dhéanamh chun cabhrú lena bpáiste a ullmhú don scoil.

Is féidir féachaint ar an DVD ar líne freisin i bhformáid **físeáin leathanbhanda**. Beidh nasc leathanbhanda




agus **Adobe Flash Player Leagan 9** ag teastáil chun féachaint air.
Tá **leabhrán leictreonach** ann chun dul leis an DVD ina bhfuil rannán forbhreathnaithe agus ceithre bhileog faisnéise – ceann do gach ceann de na ceithre leibhéal ranga:

- **naíonáin bheaga agus naíonáin mhóra**
- **rang a haon agus rang a dó**
- **rang a trí agus rang a ceathair**
- **rang a cúig agus rang a sé**

Cuireann an forbhreathnú faisnéis i láthair faoi céard a fhoghlaimíonn páistí, conas a fhoghlaimíonn siad agus na cineálacha cuir chuige agus modheolaíochtaí a úsáideann múinteoirí sa seomra ranga bunscoile. Tugann sé aghaidh ar mheasúnú, obair bhaile agus an tábhacht a bhaineann le foghlaim sa bhaile freisin. Déanann gach ceann de na ceithre bhileog faisnéise achoimre ar an méid a fhoghlaimíonn páistí i ngach réimse curaclaim agus molann siad bealaí praiticiúla inar féidir le tuismitheoirí cabhrú le foghlaim a bpáistí.

Maidir le scoileanna a bhfuil páistí nua-thagtha chun na tíre seo a bheidh ag tosú sna Naíonáin Bheaga i mí Mheán Fómhair, seans gur fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil an DVD agus an fhormáid ar líne ar fáil i gcúig theanga: Béarla, Gaeilge, Français (Fraincis), Lietuvi (Liotuáinis) agus Polski (Polainnis).

## Bileoga leideanna do thuismitheoirí

Tá an CNCM ag forbairt sraith de bhileoga gearra leideanna do thuismitheoirí faoi ghnéithe ar leith d'fhoghlaim páistí. Tugann na bileoga leideanna smaointe praiticiúla do thuismitheoirí faoi conas is féidir leo tacú le foghlaim a bpáiste sa bhaile. I láthair na huaire tá dhá bhileog leideanna ar fáil, agus tá siad dírithe ar litearthacht agus uimhearthacht i mblianta na luath-óige:

Bileog Leideanna 1: **Ag cabhrú le do pháiste óg léamh agus scríobh**
Bileog Leideanna 2: **Ag cabhrú le do pháiste óg matamaitic a dhéanamh**

D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach duit iad a thabhairt do thuismitheoirí na Naíonán Beag a bheidh ag tosú i mí Mheán Fómhair agus an t-ábhar a phlé leo. Is féidir na bileoga seo a íoslódáil ón gcuid dár láithreán gréasáin a bhaineann le *Eolas do Thuismitheoirí* ar **www.ncca.ie/tuismitheoiri**.

Forbrófar bileoga leideanna eile agus beidh siad ar fáil le híoslódáil. Mar shampla, tá sé beartaithe againn bileoga leideanna a fhorbairt do thuismitheoirí faoi fhoghlaim trí mheán spraoi agus faoi dhealú.

Cuirimid fáilte roimh smaointe do na bileoga leideanna sin nó do bhileoga leideanna eile.

# Aistriú san eolaíocht



## Ag dul ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil

An cuimhin leat léamh faoi thuairimí páistí faoin eolaíocht sa bhunscoil san eagrán de **info@ncca** a eisíodh i mí Eanáir? D'fhéach Cuid 2 den taighde seo ar eispéireas daltaí leis an ábhar agus iad ag dul ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. San iomlán, roinn 234 dalta sa chéad bhliain a gcuid smaointe trí mheán ceistneora, agus thug daltaí in ocht scoil cás-staidéir eolas níos doimhne dúinn faoina gcuid eispéireas. Ar aghaidh leat ag léamh chun a fháil amach céard a dúirt siad linn...

### Ionchais daltaí faoin eolaíocht iar-bhunscoile

Bhí formhór na ndaltaí i rang a 6 ag tnúth go mór le staidéar a dhéanamh ar an eolaíocht san iar-bhunscoil. Is é an dearcadh a bhí acu ná go mbeadh an eolaíocht suimiúil, go mbeadh turgnaimh i gceist léi agus go mbeidís ag obair i saotharlanna.

### Agus mar atá i ndáiríre?

Den chuid is mó, bhí an t-ábhar de réir a n-ionchas. Thuairiscigh seachtó naoi faoin gcéad de na daltaí a ghlac páirt sa suirbhé gur cheap siad go raibh an eolaíocht sa tSraith Shóisearach níos suimiúla ná an eolaíocht sa bhunscoil. Dúirt an-chuid díobh gurb é an t-ábhar is fearr leo. Measadh go mbaineann sin leis na ranganna rialta eolaíochta a bhí acu agus an mhinicíocht a raibh deis acu páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus tástálacha teagmhálacha.

> **"Ní mór dúinn rudaí a thástáil dúinn féin – ní gá dúinn an leabhar a chreidiúint. Is féidir linn é a chruthú, agus is maith liom sin"**
> (Dalta sa chéad bhliain).

Thuairiscigh daltaí na chéad bhliana go raibh na turgnaimh agus na gníomhaíochtaí praiticiúla forordaitheach agus treoraithe ag an múinteoir, den chuid is mó. Cé go raibh luach acu ar ról an mhúinteora maidir le heolaíocht a mhíniú, ní raibh siad ró-thógtha le taispeántais déanta ag an múinteoir mar chuid de thurgnaimh eolaíochta.

Cheap na daltaí go raibh an eolaíocht iar-bhunscoile níos dúshlánaí ná an eolaíocht bhunscoile. Chuir roinnt díobh in iúl nár ullmhaigh an eolaíocht bhunscoile iad don eolaíocht iar-bhunscoile. Chuaigh sin le tuairim na ndaltaí i rang a 6 a dúirt go raibh an eolaíocht scoile 'éasca'!

Bhí dearcadh dearfach ag daltaí faoi TFC san eolaíocht, cé go raibh an chuma ar an scéal nach raibh aon deis acu nó nach raibh ach deis theoranta acu í a úsáid. Cé gur theastaigh níos mó TFC ó dhaltaí na chéad bhliana, cinnte, theastaigh uathu níos lú a *bhreacadh síos*, go háirithe i leabhair nótaí saotharlainne.

### Páistí ag oibriú le chéile
**(Buachaill, rang a 6)**




### Páistí ag imscrúdú maighnéad
**(Cailín, rang a 6)**



### Ionchais daltaí don eolaíocht amach anseo

Ba iad na daltaí sa chéad bhliain a raibh suim acu san eolaíocht, nó a cheap go mbeadh an eolaíocht uathu nuair a bheadh gairm bheatha á roghnú, a dúirt go leanfadh siad leis an eolaíocht i ndiaidh an Teastais Shóisearaigh. Ba é ceann de na príomhchúiseanna a shocraigh daltaí gan an eolaíocht a dhéanamh sa tsraith shinsearach ná gur bhraith siad go raibh an eolaíocht scoile deacair.

### Cad atá le déanamh anois?

I dteannta na moltaí déanta i gCéim 1 den taighde (féach **info@ncca**, Eagrán 11, Eanáir 2009), leag na taighdeoirí béim ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna a thabhairt do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile dul i gcomhar lena chéile. Tionscadal féideartha amháin an chomhphleanáil de 'nasc-aonaid' don eolaíocht a bheadh dírithe ar dhaltaí sna ranganna sinsearacha bunscoile agus sna chéad bhlianta iar-bhunscoile. D'fhéadfadh na haonaid sin a bheith dírithe ar scileanna imscrúdaithe daltaí a fhorbairt agus ar an úsáid a bhaineann siad as TFC san eolaíocht a mhéadú.

Dá mba rud é gur bhreá leat níos mó a léamh, cliceáil anseo le haghaidh na tuairisce, **Science in Primary Schools, Phase 2** (Varley, J., Murphy, C. agus Veale, O. [2008]).

**Más bándearg an cló, is nasc é**

# Ag fáil réidh leis an téacsleabhar Scéal scoile amháin

**‘*Osclaígí bhur leabhair thíreolaíochta; táimid ar leathanach 37*’ ...Cinnte, tá a leithéid de ráiteas cloiste agat cheana féin! Níl mórán múinteoirí ann nach ndeir rud éigin cosúil leis gach lá sa seomra ranga. Ach an raibh a fhios agat go mbíonn fás leanúnach ag teacht ar líon na mbunscoileanna atá ag déanamh athmhachnaimh ar an úsáid a bhaineann siad as téacsleabhair?**

Cúig bliana ó shin, is é sin a rinne Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Co. na Mí don ábhar Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE). Thugamar cuairt orthu chun tuilleadh eolais a fháil.

## Inis dúinn faoi do scoil.

Is scoil chomhoideachais í Scoil Naomh Pádraig ina bhfuil naoi rang – sé rang ina bhfuil grád amháin agus trí rang ilghráid. Tá trí mhúinteoir déag againn lena n-áirítear príomhoide riaracháin, beirt mhúinteoirí Tacaíochta Foghlama, múinteoir do Bhéarla mar Theanga Bhreise, agus beirt Chúntóirí Riachtanas Speisialta.

## Cathain a shocraigh sibh athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid téacsleabhair don OSIE?

Thosaigh sé cúig nó sé bliana ó shin nuair a thug an fhoireann faoi Phlean Scoile don OSIE. Agus muid ag oibriú leis na doiciméid churaclaim don stair, don tíreolaíocht agus don eolaíocht, leagamar amach an méid ar theastaigh uainn díriú isteach air ag na ceithre leibhéal ranga. Ba é an chéad cheist mhór eile ná, *conas a chuirfimid acmhainní ar fáil i gcomhair na foghlama seo?* Mar sin, d’fhéachamar ar na téacsleabhair uile ar an margadh agus rinneamar athbhreithniú orthu i bhfianaise an mhéid a theastaigh uainn a dhéanamh inár scoil.

## Agus an chonclúid?

Shocraíomar nach raibh aon téacsleabhar amháin ann a bhí oiriúnach don mhéid a theastaigh uainn a dhéanamh. Dá n-oibreoimis le téacsleabhar, ní bheadh sé á dhéanamh againn ach chun go mbeadh téacsleabhar againn! Inár dtuairimne, ní hé sin atá i gceist le dea-theagasc agus dea-fhoghlaim.

## Agus cinneadh déanta agaibh fáil réidh leis an téacsleabhar, céard a rinne sibh ansin?

Tá ciste ollmhór acmhainní don stair, don tíreolaíocht agus don eolaíocht ar fáil sa cheantar timpeall ar an scoil. Ba é an dúshlán a bhí romhainn na páistí a chur i dteagmháil leis na hacmhainní sin. An réiteach a bhí againn ná ceamaraí!

Ar cheann dár laethanta pleanála, le ceamara ina lámha acu, thóg gach ball den fhoireann grianghraif den timpeallacht shaibhir timpeall orthu. Rinneamar na grianghraif a phriontáil agus d’úsáideamar iad chun pacaí ábhair a chruthú, mar shampla - *Miotais agus Finscéalta, Sráidbhaile Shláine, Sí an Bhrú, Lusanna Fiáine Áitiúla, Daoine agus Cumarsáid, Lonnaíochtaí* agus *Feasacht ar an Timpeallacht.* Cé go bhfuil fócas láidir ar OSIE inár bpacaí, úsáidimid iad i réimsí leithéidí forbairt teanga ó bhéal agus freagairt don ealaín. Is fíor-acmhainn ilchúsporach agus traschuraclaim iad!

## An féidir leat tuilleadh eolais ar na pacaí a thabhairt dúinn?

Is éard atá i gceist leo i ndáiríre ná bailiúchán d’ábhair teagaisc agus foghlama a bhaineann le hábhar ar leith. Mar sin, d’fhéadfadh grianghraif, póstaeir, leabhair, dlúthdhioscaí, DVDanna, agus araile a bheith in aon phaca ar leith. Rud atá tábhachtach dúinn mar bhaill foirne ná nach bhfuil pleananna ceachta sna pacaí.

Féachaimid ar na pacaí mar uirlis nó mar áis teagaisc agus foghlama, agus níl iontu ach sin. Caithfidh gach múinteoir agus na páistí ina rang a n-eispéireas, scileanna agus suimeanna féin a úsáid chun a bhfoghlaim faoi ábhar ar leith a threorú. Is í an acmhainn is tábhachtaí inár gcuid oibre ná **Curaclam na Bunscoile.**

> “Tá sraith de dhoiciméid churaclaim agam i mo sheomra ranga agus sraith eile agam sa bhaile toisc go n-úsáidim iad go leanúnach chun mo chuid oibre a phleanáil.”
> (Joann Mulligan)

## Céard iad na tairbhí is mó a bhain le fáil réidh le téacsleabhar?

Deiseanna chun foghlaim a dhifreálú... Is féidir linn foghlaim a chur in oiriúint do riachtanais, do shuimeanna agus d’eispéireas na bpáistí inár seomraí ranga. Is cabhair iontach iad na pacaí maidir le ranganna ilghráid a theagasc freisin. Cuireann siad ar chumas na múinteoirí leas a bhaint as ár láidreachtaí agus ár scileanna féin.

Bímid níos cruthaithí inár dteagaisc agus bainimid triail as rudaí nua. Agus tharla sin toisc go mbímid ag déanamh cinntí faoi ábhar, luas agus ord foghlama na bpáistí, agus faoi na modhanna agus socruithe eagraíochtúla a úsáidimid – cinntí a ‘rinne’ an téacsleabhar go dtí seo.

Bíonn na páistí páirteach ina gcuid foghlama féin. Bíonn siad spreagtha. Baineann siad taitneamh as an bhfoghlaim.

> “Cuireann na pacaí ar ár gcumas TFC a úsáid trasna an churaclaim; cabhraíonn siad linn díriú ar fhorbairt scileanna taighde, cinnteoireachta agus smaointeoireachta ardoird na bpáistí freisin.’”
> (Seán Flanagan)

## Conas a d'fhreagair tuismitheoirí don chinneadh?

Toisc nach mbíonn téacsleabhar ranga againn don OSIE, laghdaítear an costas do thuismitheoirí. Agus is dea-scéal é sin do gach duine sa timpeallacht eacnamaíoch reatha! Tá traidisiún d'fhoghlaim ghníomhach sa scoil nach bhfuil bunaithe ar leabhair, mar shampla, glacaimid páirt i dtionscadal Comenius. Is scoil í seo ar bronnadh an Brat Glas uirthi freisin. Mar sin, chuir na tuismitheoirí fáilte roimh an gcinneadh fáil réidh le téacsleabhar.

## Céard faoi obair bhaile an OSIE?

Iarraimid ar na daltaí scileanna taighde a úsáid chun teacht ar fhaisnéis faoi ghné ar leith den ábhar, nó d'fhéadfaidís píosa a scríobh faoin méid a d'fhoghlaim siad faoi na Lochlannaigh, mar shampla. D'fhéadfadh múinteoirí bileog oibre nó ceistneoir a chruthú nó d'fhéadfadh daltaí dán/scéal/ tuairisc/agallamh/litir/ póstaer a scríobh faoin ábhar.

## Luaigh tú tairbhí. Céard faoi dhúshláin?

An bille fótachóipeála! Ach glacaimid leis na costais seo agus oibrímid leo. Toisc go leagaimid an oiread sin béime ar theagasc agus ar fhoghlaim nach bhfuil bunaithe ar théacsleabhair, tugaimid tosaíocht do mhaoiniú chun cur lenár sraith pacaí agus chun acmhainní a cheannach, cadhnraí don phaca Leictreachais mar shampla.

**“Tá na pacaí ríthábhachtach don mhéid a dhéanaimid mar mhúinteoirí, agus mar sin, i mo cháil mar phríomhoide, déanaim cinnte go mbíonn na hacmhainní ag an bhfoireann a bhíonn de dhíth orthu.”**
(Elizabeth Sheridan)

Bíonn dúshlán eile i gceist le hacmhainní a stóráil agus a bhainistiú, ach arís, fuaireamar réiteach ar na fadhbanna sin. Úsáidimid ár seomra foirne mar lárionad acmhainní. Is gníomhaíocht leanúnach í teacht ar acmhainní nua. Bímid ag coinneáil súl amach i gcónaí, fiú amháin is muid ar laethanta saoire! Ach nach mbíonn na múinteoirí uile mar sin... Is acmhainn iontach é an tIdirlíon freisin.

## Conas a fhreagraíonn múinteoirí nuafhostaithe sa scoil don chinneadh gan téacsleabhar a úsáid?

**“Thosaigh mé sa scoil seo i mí Mheán Fómhair seo caite. Caithfidh mé a rá go raibh mé beagán neirbhíseach ar dtús, mar shamhlaigh mé go mbeinn ag tabhairt cuairteanna rialta ar an bhfótachóipeálaí! I ndáiríre, bhí an scéal an-éagsúil. Toisc nach bhfuil téacsleabhar agam don OSIE táim an-solúbtha i ndáil leis an mbealach a n-oibrím le cuspóirí an churaclaim. Cuirim ceisteanna tóraíochta; cuireann na páistí ceisteanna tóraíochta; oibrímid le chéile chun freagraí a fháil; úsáidimid TFC. Feicim go mbainim úsáid as teaglaim mhaith d'obair ghrúpa, obair i mbeirteanna agus teagasc don rang iomlán, foghlaim bunaithe ar thionscadail, ar léitheoireacht, ar scríbhneoireacht agus ar dhíospóireacht freisin.”**
(Rachel Brown)

## Ar chomhoibrigh sibh le daoine eile?

**“Agus muid ag éirí níos muiníní maidir lenár dtuiscint féin ar an bpróiseas, labhraíomar le daoine eile faoin úsáid a bhainimid as na pacaí. Agus acmhainní á lorg agam i leabharlann an chontae, mhínigh mé córas na bpacaí don chartlannaí. Bhí foireann Leabharlann an Chontae an-tógtha leis an smaoineamh seo, agus d'fhoilsigh siad paca Acmhainní Staire Áitiúla do scoileanna trí leas a bhaint as an ábhar cartlainne atá ina seilbh acu. Táimid ag oibriú le cuideachta foilsitheoireachta freisin chun pacaí acmhainní do ranganna ilghráid a 'thástáil'.”**
(Elizabeth Sheridan)

## Dá mbeadh sibh in ann dul siar cúig bliana, an ndéanfadh sibh aon rud ar bhealach éagsúil?

Is dócha nach ndéanfaimis. Ghlacamar seilbh ar an bpróiseas pleanála. Ní dhéanann sé aon chiall na pacaí nó pleananna a thabhairt amach agus a rá, *ar aghaidh libh agus bainigí úsáid astu!* Caithfidh tú dul tríd an bpróiseas trína ndeachamar féin. Ó rinneamar an t-athrú ar an OSIE, thosaíomar ag tabhairt airde ar ábhair eile lena n-áirítear ceol, amharcealaíona, drámaíocht agus Béarla.

## Cén chomhairle a chuirfeadh sibh ar scoileanna eile atá ag smaoineamh ar fháil réidh le téacsleabhar?

Tosaigh le nithe beaga agus tóg go réidh é. Roghnaigh ábhar amháin. Oibrígí le chéile mar fhoireann agus úsáidigí an curaclam mar léarscáil. Cuirigí an cheist, *céard a theastaíonn uainn go bhfoghlaimeoidh na páistí i cibé rang?* Coinnígí súil amach ar an dul chun cinn san fhoghlaim – tá sé ríthábhachtach.

D'fhéadfadh sibh a bheith neamhthoilteanach oibriú tríd an gcuraclam ar dtús, mar tá an-chuid ann! Ach tá smaointe maithe ann. Ní mór pleanáil a dhéanamh chun oibriú leo. Bhí a lán oibre déanta againn ar phleanáil scoile cheana féin. Mar sin bhí traidisiún láidir pleanála againn mar fhoireann agus bhí taithí againn ar an gcuraclam a úsáid mar phointe tagartha.

## Aon fhocal scoir?

De réir mar a rinneamar breis pleanála le **Curaclam na Bunscoile**, thosaíomar ag cur ceisteanna breise faoi ról na dtéacsleabhar. Bhraitheamar gur chuir siad srian lenár gcuid oibre, agus go rabhamar faoi bhrú an leathanach deiridh a bhaint amach faoi dheireadh téarma an tsamhraidh! D'éiríomar amhrasach faoin luach a bhaineann leis sin dúinn féin mar mhúinteoirí, agus dár bpáistí mar fhoghlaimeoirí.

Mar fhreagra air sin, leagamar béim ar an tábhacht a bhaineann le breithiúnas gairmiúil múinteoirí agus le solúbthacht agus muid ag obair leis an gcuraclam. Chun é sin a dhéanamh, ní mór smaoineamh ar theagasc agus ar fhoghlaim ar bhealach éagsúil, ar bhealach cruthaitheach agus nuálaíoch. Cé go mbíonn sé dúshlánach é sin a dhéanamh ar dtús, bíonn sé spreagúil agus tugann sé cumhacht dúinn freisin.

**Ba bhreá leis an CNCM buíochas a ghabháil le Elizabeth Sheridan (príomhoide), Joann Mulligan, Seán Flanagan agus Rachel Brown as am a chur i leataobh chun a gcuid eispéireas a roinnt linn.**

# Leas daltaí

## Leas daltaí agus scolaíocht iar-bhunscoile

**Gach lá, déanann scoileanna iarracht an t-eispéireas is fearr a sholáthar dá ndaltaí chun cabhrú leo a lánacmhainneacht a bhaint amach. Tar éis don CNCM a aithint go bhfuil sé tábhachtach fianaise taighde a sholáthar do scoileanna faoi na nithe a mbíonn fíorthionchar acu ar leas daltaí in oideachas iar-bhunscoile, choimisiúnaigh sé athbhreithniú cuimsitheach ar litríocht agus ar thaighde a bhaineann leis an téama sin. Mar thoradh air sin foilsíodh *Well-being and Post-Primary Schooling: A review of the literature and research* leis an Dr Maeve O'Brien agus leis an bhfoireann um Fhorbairt an Duine ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach. Tugtar léargais éagsúla ar leas daltaí sa tuairisc sin, atá tábhachtach do gach duine a bhfuil spéis acu i ról na scoile maidir le rannchuidiú le leas an phobail agus folláine phearsanta.**

Tá struchtúr na tuairisce bunaithe ar théamaí den chineál seo

- céard atá i gceist againn le 'sonas', 'leas' agus 'cáilíocht beatha'.
- ógánaigh agus leas/folláine
- leas daltaí agus scolaíocht iar-bhunscoile

Ní fhorordaíonn príomhthorthaí an athbhreithnithe céard ba chóir nó céard nár chóir do scoileanna a dhéanamh. In ionad sin, moltar réimsí ar chóir do scoileanna, do mhúinteoirí, do thaighdeoirí nó do lucht déanta beartas féachaint orthu, agus taighde, díospóireacht agus/nó gníomh a dhéanamh ina leith. I bhfianaise an chúlaithe eacnamaíoch seo, tá sé tábhachtach go gcuimseoidh díospóireachtaí faoi scoileanna agus faoi chuspóirí na scolaíochta na gnéithe níos leithne seo d'fhorbairt an duine. Seans go mbeidh tacar áirithe scileanna ag teastáil chun déileáil le hamanna crua eacnamaíocha, ach beidh athléimneacht, cruthaitheacht agus dianseasmhacht ag teastáil freisin. Baineann an taighde leis sin.

### Leas daltaí mar théama oideachais

Tá leas daltaí tábhachtach dá bhfeabhsú sóisialta agus dá bhfás pearsanta. Tá impleachtaí tábhachtacha beartais aige sin don phleanáil a dhéanann scoileanna chun feabhas a chur ar fholláine dhaltaí ar scoil agus ina diaidh. Tugann an taighde le fios go mbíonn an méid a mhúinimid, conas a mhúinimid é agus conas a eagraítear daltaí, an-tábhachtach maidir le forbairt leasa daltaí.

### Leas an phobail - saincheist

Áitíonn an t-athbhreithniú seo ar fholláine go bhfuil sé tábhachtach agus go mbíonn tionchar aige nuair a aithnítear go bhfuil sonas agus dea-bhraistint luachmhar. Chomh maith leis sin, ní ábhar aonair agus príobháideach amháin é. Leoga, ciallaíonn idirspleáchas daoine óga laistigh den scoil agus laistigh den phobal forleathan go mbíonn leas an duine aonair nasctha le leas daoine eile.

### Caidreamh, cúram agus an tsochaí

Tá sé tábhachtach go mbeidh eispéireas d'atmaisféar scoile comhbhách, ina léirítear meas ar chách, ag daltaí. Féadfaidh rath acadúil cur le mothúchán iomlán na folláine. Tá sé tábhachtach freisin go mbraithfidh daltaí go bhfuil siad luachmhar agus cuimsithe sa tsochaí. Is léir freisin go gcothaítear mothúcháin folláine nuair atá braistint chomhuintearais agus dea-chaidrimh laistigh den phobal scoile. Mar sin, caithfidh oideachasóirí, ceannairí scoile





agus lucht déanta beartas a chinntiú go gcuirfear curaclaim fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla i bhfeidhm ar bhealach a chruthóidh agus a chothóidh dea-chaidrimh idir múinteoirí agus daltaí, daltaí agus daltaí, agus múinteoirí agus múinteoirí.

## Múinteoirí, teagasc agus leas daltaí

Tá impleachtaí ag an taighde seo ar leas daltaí do mhúinteoirí, dá dteagasc, agus do na cineálacha forbartha gairmiúla réamhshéirbhíse agus inseirbhíse a chuirfear ar fáil dóibh.  Chomh maith leis sin, is obair dhúshlánach í oideachas cúramach daltaí, meas a léiriú ar indibhidiúlacht, agus eispéireas oideachais ábhartha agus bríoch a chur ar fáil, agus ní mór é sin a aithint.

## An curaclam agus leas daltaí

Bíonn tionchar ag an tuiscint ar an gcuraclam agus ag an tslí a gcuirtear ar fáil é i scoileanna dara leibhéal ar leas daltaí ar roinnt bealaí éagsúla. In Éirinn, bhí an fócas ar churaclaim leathana a chur ar fáil gan mórán speisialaithe. Léirigh taighde i dtíortha eile go mbíonn tionchar dearfach ag deiseanna chun speisialú a dhéanamh sna healaíona agus i léann daonna ar leas daltaí. Léiríonn taighde, lena n-áirítear roinnt taighde a rinneadh in Éirinn, go mbíonn an rogha a bhíonn ag daltaí ríthábhachtach san fhoghlaim.

## Glórtha daltaí a chuimsiú

Ní féidir linn glacadh le dearcadh taighdeoirí, oideachasóirí agus déantóirí beartais faoi fholláine daltaí gan éisteacht le glórtha daoine óga freisin. I gcomhthéacs an oideachais dara leibhéal, tá oscailteacht do chomhphlé idir na comhpháirtithe uile riachtanach do leas na ndaltaí.

## Coinníollacha oibiachtúla, acmhainní agus leas daltaí

Tá sé deacair do dhaltaí páirt a ghlacadh san oideachas agus fanacht ann nuair a bhíonn siad faoi thionchar na bochtaineachta agus an imeallaithe. Féadfaidh cineál an eispéiris oideachais a chuirtear ar fáil dóibh dul i bhfeidhm ar chinntí daltaí maidir le fanacht ar scoil. Is léir freisin, áfach, gur gá aghaidh a thabhairt ar choinníollacha eile (eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha) i gcomhar le tionscnaimh scoile, chun go gcuimseofar grúpaí agus daoine leochaileacha sa phróiseas oideachais ar bhealach fíréanta.

Tá an tuairisc, ***Well-Being and Post-Primary Schooling; A review of literature and research***, ar fáil ar láithreán gréasáin an CNCM. Léigh í agus féach an bhféadfadh roinnt de na smaointe díospóireachtaí a spreagadh i do scoil!

**Más bándearg an cló, is nasc é**



# Treo nua! In am treo a athrú?

**Comhrá Raidió ... Talamh an Éisc, Deireadh Fómhair 1995**

**Meiriceánach:** *Athraigh do threo 15 chéim ó thuaidh, le do thoil, chun imbhualadh a sheachaint.*

**Ceanadach:** *Molaimid duit DO THREOSA a athrú 15 chéim ó dheas chun imbhualadh a sheachaint.*

**Meiriceánach:** *Is captaen Loinge de chuid Chabhlach na SA mé. Arís, deirim leat, athraigh DO THREOSA.*

**Ceanadach:** *Deirim leat arís...Ní mór duit DO THREOSA a athrú.*

**Meiriceánach:** *IS É SEO AN tIOMPRÓIR AERÁRTHAÍ USS ENTERPRISE, IS LONG CHOGAIDH MHÓR DE CHUID CHABHLACH NA SA MUID, ATHRAIGH DO THREO...ANOIS!!!*

**Ceanadach:** *Is teach solais é seo. Is agatsa atá an rogha.*

Is athscríbhinn fhíréanta de chomhrá idir long chogaidh ó chabhlach na SA agus údaráis Cheanada é seo, agus léiríonn sé cé chomh simplí is atá sé a chreideamh go gcaithfidh daoine eile a 'dtreo' a athrú chun dul le do phlean nó le do mhodh smaointeoireachta. Ar an mbealach céanna, nuair a labhraímid faoi chuimsitheacht, is minic a bhíonn an fócas ar an athrú is gá don dalta le riachtanais speisialta oideachais a dhéanamh chun dul in oiriúint don oideachas príomhshrutha. Mar aon leis an long chogaidh, b'fhéidir gur chóir dúinn treo nua a ghlacadh, treo níos solúbtha agus níos inoiriúnaithe, chun freastal ar riachtanais éagsúla dhaltaí na sraithe sóisearaí.

Tá an CNCM ag dul i dtreo nua trí fhéachaint ar bhealaí inar féidir leis feabhas a chur ar an mbealach a bhfreastalaíonn curaclam agus measúnú ar riachtanais daltaí le riachtanais speisialta oideachais. Táimid ag díriú ar dhaltaí nach mbeadh rochtain acu ar an tsraith shóisearach phríomhshrutha riamh, fiú amháin le tacaíocht múinteoirí leis na cineálacha cur chuige is sofaisticiúla i ndáil le difreálú.

Le bheith soiléir, táimid ag labhairt faoi líon an-bheag daltaí le riachtanais foghlama an-sonracha agus an-sainiúla. Is daltaí iad seo laistigh de raon na míchumas ginearálta foghlama agus bíonn a riachtanais foghlama phríomha dírithe ar scileanna pearsanta, sóisialta agus gairme a shealbhú. Ní mór deiseanna a chur ar fáil dóibh na scileanna sin a fhorbairt go sonrach chun iad a ullmhú dá saol mar dhaoine fásta agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.



Cé go n-aithnítear go bhféadann na daoine óga uile sa tsraith shóisearach leibhéil éagsúla aibíochta agus rátaí éagsúla dul chun cinn a léiriú, tarlaíonn ullmhúcháin dá saol mar dhaoine fásta ar bhealach uathoibríoch dóibh go minic. I gcás na ndaltaí i gceist leis seo, áfach, seans nach mbeidh sin fíor.

Agus tuiscint aige air sin, tá an CNCM ag déanamh imscrúdaithe ar an bhféidearthacht creat curaclaim don tsraith shóisearach a fhorbairt a chuimseodh an fhoghlaim is tábhachtaí, is ábhartha agus is tairbhí do na daltaí i gceist. I láthair na huaire, ní thacaíonn ach cáilíocht amháin – an Teastas Sóisearach – le foghlaim sa tsraith shóisearach, agus tá sé ag leibhéal a trí sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Mar sin féin, ní féidir le roinnt daltaí an cháilíocht seo a rochtain cé go bhfuil siad sa tsraith shóisearach. Gné phríomhúil den chreat curaclaim molta is ea rochtain ar cháilíocht náisiúnta a sholáthar do dhaltaí. Caithfidh smaointeoireacht sa réimse seo forbairtí eile sa réimse cáilíochtaí a chur san áireamh, leithéidí na ndámhachtainí FETAC ag Leibhéil 1 agus 2.

Gné phríomhúil de chreataí is ea go dtugann siad tacaíocht do phleanáil agus d'fhorbairt áitiúil agus go ndéanann siad cinnte go mbíonn roinnt gnéithe comhsheasmhacha ann chun tacú le cáilíocht agus cothromas nuair a tharlaíonn forbairt áitiúil nó scoilbhunaithe. Chuirfeadh an creat an tsolúbthacht agus an neamhspleáchas ar fáil do scoileanna a chuirfeadh ar a gcumas cláir fhoghlama a shaincheapadh agus a fhorbairt laistigh den chomhthéacs seo.

> "Tá creataí nua cosúil le sliabh a dhreapadh – cuimsíonn an lánléargas an radharc teoranta a bhíonn ann ag an tús in áit fáil réidh leis."
>
> Albert Einstein

Go dtí seo, rinneadh obair fhorbartha ar an gcreat agus bhí sí treoraithe ag idirghníomhaíocht dhíreach le scoileanna ina bhfuil daltaí den chineál seo cláraithe. Tá obair ar siúl le grúpa scoileanna agus múinteoirí chun raon de chláir fhoghlama shamplacha a ghiniúint a léireoidh an creat agus é in úsáid. Beartaítear go gcuimseoidh an chéad chéim eile den obair seo glórtha na ndaltaí agus na dtuismitheoirí.

Le haghaidh mionsonraí breise, féach ar an leathanach **Cuimsiú** ar láithreán gréasáin an CNCM. Coinnigh súil ar **info@ncca** chun nuacht bhreise faoin gcreat a fháil.

# An Pholaitíocht agus an tSochaí


## Cuir do thuairim in iúl faoin ábhar nua Ardteistiméireachta seo

**Ábhar nua!**
**Ceann de na gnéithe is spreagúla den athbhreithniú ar an tsraith shinsearach atá á dhéanamh i láthair na huaire is ea an t-ábhar nua a chuirfear ar fáil. Is ábhar roghnach eolaíochta sóisialta é An Pholaitíocht agus an tSochaí a mbeidh nasc éifeachtach aige le hOideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) sa tsraith shóisearach. Tá dréachtleagan den ábhar ar fáil anois, agus mar sin ba bhreá linn do thuairimí a chloisteáil faoin dréachtsiollabas seo!**

### Céard a fhoghlaimeoidh daltaí sa Pholaitíocht agus an tSochaí?

Tá sí d'aidhm ag an bPolaitíocht agus an tSochaí cumas an dalta mar shaoránach athmhachnamhach agus gníomhach a fhorbairt, ar bhealach atá treoraithe ag léargas agus scileanna na n-eolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla. Cinnte, comhlánóidh sé roinnt ábhar atá ann cheana féin, ach lena chois sin cuirfidh sé léargas iomlán nua – léargas na heolaíochta sóisialta – ar fáil in oideachas na sraithe sinsearaí.

Oibreoidh múinteoirí agus daltaí le príomhthéamaí agus príomhsmaointe sna heolaíochtaí sóisialta. Cuirfidh siad na téamaí sin i bhfeidhm ina dtimpeallacht áitiúil, agus déanfaidh siad imscrúdú ar conas a chuirtear i bhfeidhm in áiteanna eile iad. Mar shampla, trí fhéachaint ar na hathruithe ina bpobal áitiúil féin le blianta beaga anuas, beidh deis acu plé a dhéanamh ar cibé an fhorbairt iad na hathruithe sin nó nach é, agus cibé an bhfuil siad inbhuanaithe nó nach bhfuil. Trí naisc a dhéanamh leis an gcomhthéacs domhanda, beidh daltaí in ann róil grúpaí leithéidí cuideachtaí ilnáisiúnta, rialtais agus comhlachtaí idir-rialtasacha a aithint, agus beidh siad in ann ról cúinsí cultúrtha, maidir le forbairt in Éirinn agus ar fud an domhain a chumasú nó a chosc, a aithint freisin.



### Conas a fhoghlaimeoidh daltaí An Pholaitíocht agus an tSochaí ar scoil?

Beidh An Pholaitíocht agus an tSochaí bunaithe ar phríomhsmaointe sna heolaíochtaí sóisialta agus polaitiúla, lena n-áirítear daonlathas, cultúr, coinbhleacht, domhandú, comhionannas, éagsúlacht agus forbairt inbhuanaithe. Féachfaidh daltaí ar na prionsabail seo ar bhealach gníomhach, trína gcur i bhfeidhm ar an domhan a bhfuil taithí acu air. Mar shampla, déanfaidh siad imscrúdú ar dhaonlathas ina gclub spóirt áitiúil agus ina scoil, ar an bhféidearthacht go dtarlóidh coinbhleacht idir fostaithe páirtaimseartha agus a bhfostóirí, agus ar chumas na teilifíse agus suíomhanna comhroinnte físeán cosúil le YouTube an domhan uile a shroicheadh. Ar an mbealach sin, déanfaidh siad teagmháil le hidéanna príomhsmaointeoirí sóisialta agus polaitiúla leithéidí Kate Millett, Karl Marx, Milton Friedman, John Locke agus Edward Said. Gheobhaidh siad deis freisin tionscadal a bhaineann le Saoránacht Ghníomhach a chur i gcrích, rud a chuirfidh ar a gcumas a gcuid foghlama a chur i ngníomh. Beidh a dtuairisc faoin tionscadal Saoránachta Gníomhaí seo cothrom le 20% den scrúdú deiridh.

Féadfaidh tú níos mó a fhoghlaim faoin ábhar seo tríd an ***dréachtsiollabas don Pholaitíocht agus an tSochaí*** a íoslódáil. Tá samplaí den chuma a d'fhéadfadh a bheith ar ranganna sa Pholaitíocht agus an tSochaí i gcleachtas ar fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin ***ACTION.***

### Tá sé in am do thuairimí a chur in iúl!

Ba bhreá linn cuireadh a thabhairt duit páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán trí shuirbhé ar líne. Cliceáil ar an nasc chun an ***suirbhé a líonadh*** isteach. Tá mionsonraí faoi ghnéithe eile an chomhairliúcháin, lena n-áirítear eolas faoi conas aighneacht i scríbhinn a sheoladh isteach, ar fáil le haghaidh íoslódála, in éineacht le mionsonraí maidir le cruinnithe comhairliúcháin a bheidh ar siúl le múinteoirí agus le grúpaí leasmhara eile.

Cabhróidh d'ionchur le feabhas a chur ar an ábhar An Pholaitíocht agus an tSochaí. Táimid ag tnúth go mór le cloisteáil uait!